



2025/2186

30.10.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2186 ÓN gCOIMISIÚN
an 29 Deireadh Fómhair 2025

**maidir le húdarú aigéid phróipianaigh, próipianáite sóidiam agus próipianáite amóiniam a athnuachan
mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch talún agus lena n-aisghairtear
Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1222/2013 agus (AE) Uimh. 305/2014**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 foráiltear maidir le húdarú breiseán a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis na forais agus na nósanna imeachta chun údarú den sórt sin a dheonú agus a athnuachan.
- (2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1222/2013 ón gCoimisiún ⁽²⁾ údaraíodh aigéad próipianach, próipianáit sóidiam agus próipianáit amóiniam ar feadh tréimhse 10 mbliana mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh athchogantach, muc agus éanlaith clóis, agus le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 305/2014 ón gCoimisiún ⁽³⁾ le haghaidh gach speicis ainmhíoch seachas athchogantaigh, muca agus éanlaith chlóis.
- (3) I gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, cuireadh iarratais isteach chun údarú aigéid phróipianaigh, próipianáite sóidiam agus próipianáite amóiniam mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch a athnuachan, iarratas inar iarradh go n-aicmeofaí na breiseáin i gcatagóir na mbreiseán 'breiseáin theicneolaíocha' agus san fheidhmghrúpa 'breiseáin sadhlais'. Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 14(2) den Rialachán sin ag gabháil leis na hiarratais sin.
- (4) Tháinig an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') ar an gconclúid sna tuairimí uaidh an 3 Iúil 2024 ⁽⁴⁾ agus an 17 Meán Fómhair 2024 ⁽⁵⁾ go bhfuil aigéad próipianach, próipianáit sóidiam agus próipianáit amóiniam fós sábháilte do gach speiceas ainmhíoch talún, do thomhaltóirí agus don chomhshaol faoi na coinníollacha atá údaraithe faoi láthair. Maidir le sábháilteacht úsáideoirí, tháinig sé ar an gconclúid go bhfuil aigéad próipianach creimneach don chraiceann agus go bhfuil próipianáit sóidiam agus próipianáit amóiniam creimneach do na súile agus don chonair riospráide freisin. Níl próipianáit sóidiam ina hiogróir craicinn. Meastar gur riosca é gach teagmháil leis na breiseáin seo. Mheas an tÚdarás nach gá measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht ar aigéad próipianach, próipianáit sóidiam agus próipianáit amóiniam i gcomhthéacs athnuachan an údaraithe, ós rud é nach n-áirítear sna hiarratais ar athnuachan moltaí maidir leis coinníollacha na n-údaruithe bhunaidh a leasú nó a fhorlíonadh, ar moltaí iad a mbeadh tionchar acu ar éifeachtúlacht na mbreiseán.

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 29, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1831/oj>.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1222/2013 ón gCoimisiún an 29 Samhain 2013 maidir le haigéad próipianach, próipianáit sóidiam agus próipianáit amóiniam a údarú mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh athchogantach, muc agus éanlaith chlóis (IO L 320, 30.11.2013, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2013/1222/oj).

⁽³⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 305/2014 ón gCoimisiún an 25 Márta 2014 maidir le haigéad próipianach, próipianáit sóidiam agus próipianáit amóiniam a údarú mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch seachas athchogantaigh, muca agus éanlaith chlóis (IO L 90, 26.3.2014, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2014/305/oj).

⁽⁴⁾ EFSA Journal [Iris EFSA], 22(8), e8938. <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2024.8938>.

⁽⁵⁾ EFSA Journal [Iris EFSA], 22(10), e9068. <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2024.9068>.

⁽⁶⁾ EFSA Journal [Iris EFSA], 22(10), e9020. <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2024.9020>.

- (5) Le litir dar dáta an 11 Meán Fómhair 2024, tharraing an t-iarratasóir siar an t-iarratas ar athnuachan an údaraithe a mhéid a bhaineann le haigéad próipianach, próipianáit sóidiam agus próipianáit amóiniam a úsáid le haghaidh ainmhithe uisceacha.
- (6) Maidir leis na conclúidí agus na moltaí ar ar thángthas le linn na measúnuithe roimhe seo a rinneadh i ndáil leis an na modhanna a úsáidtear chun anailís a dhéanamh ar aigéad próipianach, próipianáit sóidiam agus próipianáit amóiniam mar bhreiseáin bheathaithe, mheas an tSaotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 go bhfuil na conclúidí agus na moltaí sin bailí agus infheidhme maidir leis na hiarratais atá ann faoi láthair. Rinneadh na measúnuithe roimhe seo sin i gcomhthéacs meastóireacht nua ar na modhanna anailíse lena mbaineann a rinne an tSaotharlann Tagartha, dá dtagraítear sna tuairimí ón Údarás an 3 Iúil 2024 agus an 17 Meán Fómhair 2024, chun forbairtí eolaíocha agus teicneolaíocha a chur san áireamh agus chun oiriúnacht níos fearr na modhanna anailíse le haghaidh rialuithe oifigiúla a áirithiú.
- (7) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún go gcomhlíonann aigéad próipianach, próipianáit sóidiam agus próipianáit amóiniam na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart údarú na mbreiseán sin a athnuachan. Ina theannta sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte úsáideoirí na mbreiseán a chosc.
- (8) Mar thoradh ar údarú aigéid phróipianaigh, próipianáite sóidiam agus próipianáite amóiniam mar bhreiseáin bheathaithe a athnuachan, ba cheart Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1222/2013 agus (AE) Uimh. 305/2014 a leasú dá réir.
- (9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Athnuachan an údaraithe

Maidir le húdarú na substaintí a shonraítear san Iarscríbhinn, ar substaintí iad a bhaineann le catagóir na mbreiseán 'breiseáin theicneolaíocha' agus leis an bhfeidhmghrúpa 'breiseáin sadhlais', déantar é a athnuachan faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Aisghairm Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1222/2013 agus (AE) Uimh. 305/2014

Aisghairtear Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1222/2013 agus (AE) Uimh. 305/2014.

Airteagal 3

Bearta idirthréimhseacha

Na breiseáin bheathaithe aigéad próipianach, próipianáit sóidiam agus próipianáit amóiniam, mar a údaráítear iad le Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1222/2013 agus (AE) Uimh. 305/2014 ón gCoimisiún, agus beatha a bhfuil na breiseáin sin iontu agus atá ceaptha do gach speiceas ainmhíoch talún, ar nithe iad a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 19 Samhain 2026 i gcomhréir leis na rialacha sin infheidhme roimh an 19 Samhain 2025, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe.

*Airteagal 4***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Deireadh Fómhair 2025.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Uimhir aitheantais an bhreiseáin beathaithe	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ain- mhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: breiseáin theicneolaíocha. Feidhmghrúpa: breiseáin sadhlais								
1k280	Aigéad próipianach	Comhdhéanamh an bhreiseáin Aigéad próipianach ≥ 99,5 %	Muca	—	—	30 000	1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, sonrófar na dálaí stórála. 2. Maidir le húsáid chomhuaineach an bhreiseáin le foinsí eile d'aigéad próipianach. ní rachaidh sé sin thar na huasleibhéil is ceadmhach in ábhair bheatha iomlána i gcás an speicis ainmhí nó na catagóire ainmhí faoi seach. 3. Léirigh sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin, an réamh-mheascáin agus na n-ábhar beatha gaolmhar do bhia-ainmhithe: 'Is fritásctha é úsáid chomhuaineach a bhaint as aigéid orgánacha éagsúla nó as a salainn i gcás ina mbaintear úsáid as ceann amháin nó níos mó díobh ag leibhéal an uaschion is ceadmhach nó i ngar dó.' 4. Úsáidfear an breiseán in ábhar plandaí úr atá éasca a shadhlasú, agus ansin amháin ⁽²⁾ .	an 19 Samhain 2035
		Saintréithriú na substainte gníomhaí Aigéad próipianach ≥ 99,5 % C ₃ H ₆ O ₂ Uimh. CAS: 79-09-4	Éanlaith chlóis	—	—	10 000		
		Iarmhar do-ghalaithe ≤ 0,01 % nuair a thriomaítear é ag 140 °C go dtí meáchan tairiseach Aildéid ≤ 0,1 % arna sloinneadh mar Formaildéad Arna tháirgeadh trí shintéis cheimiceach Modh anailíse ⁽¹⁾ Maidir le haigéad próipianach a chinneadh sa bhreiseán beathaithe: — Crómatagrafaíocht iain le brath seoltachta - EN 17294	Gach speiceas ainmhíoch seachas muca, éanlaith chlóis agus speicis ainmhithe uisceacha	—	—	—		

Uimhir aitheantais an bhreiseáin beathaithe	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ain- mhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: breiseáin theicneolaíocha. Feidhmghrúpa: breiseáin sadhlais								
							5. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachta beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú le nósanna imeachta agus bearta den chineál sin, is le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann, do na súile agus don análú a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin.	

(¹) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ar shuíomh na Saotharlainne Tagartha ag an seoladh seo a leanas: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga.

(²) Foráiste atá éasca a shadhlasú: cion > 3 % carbaihiodráití intuaslagtha san ábhar úr (planda iomlán an arbhair Indiaigh, seagalach, brómas nó laíon biatais siúcra). Rialachán (CE) Uimh. 429/2008 ón gCoimisiún (IO L 133, 22.5.2008, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2008/429/2021-03-27>).

Uimhir aitheantais an bhreiseáin beathaithe	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ain- mhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: breiseáin theicneolaíocha. Feidhmghrúpa: breiseáin sadhlais								
1k281	Próipianáit sóidiam	Comhdhéanamh an bhreiseáin Próipianáit sóidiam ≥ 98,5 %	Muca	—	—	30 000 ⁽²⁾	1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, sonrófar na dálaí stórála. 2. Maidir le húsáid chomhuaineach an bhreiseáin le foinsí eile d'aigéad próipianach. ní rachaidh sé sin thar na huasleibhéil is ceadmhach in ábhair bheatha iomlána i gcás an speicis ainmhí nó na catagóire ainmhí faoi seach. 3. Léirigh sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin, an réamh-mheascán agus na n-ábhar beatha gaolmhar do bhia-ainmhithe: 'Is fritásctha é úsáid chomhuaineach a bhaint as aigéid orgánacha éagsúla nó as a salainn i gcás ina mbaintear úsáid as ceann amháin nó níos mó díobh ag leibhéal an uaschion is ceadmhach nó i ngar dó.' 4. Úsáidfear an breiseán in ábhar plandaí úr atá éasca a shadhlasú, agus ansin amháin ⁽³⁾.	an 19 Samhain 2035
		Saintréithriú na substainte gníomhaí Próipianáit sóidiam ≥ 98,5 % C ₃ H ₅ O ₂ Na Uimh. CAS: 137-40-6	Éanlaith chlóis	—	—	10 000 ⁽²⁾		
		An cailteanas ar thriomú dó ≤ 4 %, cinntear é trína thriomú ar feadh dhá uair a chloig ag 105 C Dothuaslagtha in uisce ≤ 0,1 % Arna tháirgeadh trí shintéis cheimiceach Modh anailíse ⁽¹⁾ Maidir le próipianáit sóidiam a chinneadh (mar iomlán an aigéid phróipianaigh) sa bhreiseán beathaithe: — Crómatagrafaíocht iain le brath seoltachta - EN 17294 Maidir le cion iomlán an tsóidiam sa bhreiseán beathaithe a chinneadh: — Speictriméadracht ionsú adamhaigh - EN ISO 6869; nó — Speictriméadracht astaíochta adamhaí le plasma cúpláilte go hionduchtach – EN 15510	Gach speiceas ain- mhíoch seachas muca, éanlaith chlóis agus speicis ainmhithe uisceacha	—	—	—		

Uimhir aitheantais an bhreiseáin beathaithe	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: breiseáin theicneolaíocha. Feidhmghrúpa: breiseáin sadhlais								
							5. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachta beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú le nósanna imeachta agus bearta den chineál sin, is le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann, do na súile agus don análú a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin.	

(¹) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ar shuíomh na Saotharlainne Tagartha ag an seoladh seo a leanas: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga.

(²) Mar aigéad próipianach.

(³) Foráiste atá éasca a shadhlasú: cion > 3 % carbaihiodráití intuaslagtha ina ábhar úr; foráiste atá measartha deacair a shadhlasú: cion 1,5-3,0 % carbaihiodráití intuaslagtha san ábhar úr i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 429/2008 ón gCoimisiún an 25 Aibreán 2008 maidir le rialacha mionsonraithe chun Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann le hiarratais a ullmhú agus leis an méid atá le cur i láthair sna hiarratais agus a mhéid a bhaineann le measúnú a dhéanamh ar bhreiseáin bheathaithe agus na breiseáin sin a údarú (IO L 133, 22.5.2008, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2008/429/2021-03-27>).

Uimhir aitheantais an bhreiseáin beathaithe	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ain- mhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: breiseáin theicneolaíocha. Feidhmghrúpa: breiseáin sadhlais								
1k284	Próipianáit amóiniam	<i>Comhdhéanamh an bhreiseáin</i> Ullmhóid próipianáite amóiniam ≥ 19,0 %, aigéad próipianach ≤ 80,0 % agus uisce ≤ 30 % <i>Saintréithriú na substainte gníomhaí</i> Próipianáit amóiniam C ₃ H ₉ O ₂ N Uimh. CAS: 17496-08-1 Arna tháirgeadh trí shintéis cheimiceach <i>Modh anailíse</i> ⁽¹⁾ Maidir le haigéad próipianach agus próipianáit amóiniam a chinneadh (mar iomlán an aigéid phróipianaigh) sa bhreiseán beathaithe: — Crómatagrafaíocht iain le brath seoltachta - EN 17294 Maidir le hiomlán an amóiniam beathaithe a chinneadh sa bhreiseán: — Driogadh agus toirtmheascadh - ISO 5664	Muca	—	—	30 000 ⁽²⁾	1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, sonrófar na dálaí stórála. 2. Maidir le húsáid chomhuaineach an bhreiseáin le foinsí eile d'aigéad próipianach. ní rachaidh sé sin thar na huasleibhéil is ceadmhach in ábhair bheatha iomlána i gcás an speicis ainmhí nó na catagóire ainmhí faoi seach. 3. Léirigh sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin, an réamh-mheascáin agus na n-ábhar beatha gaolmhar do bhia-ainmhithe: 'Is fritásctha é úsáid chomhuaineach a bhaint as aigéid orgánacha éagsúla nó as a salainn i gcás ina mbaintear úsáid as ceann amháin nó níos mó díobh ag leibhéal an uaschion is ceadmhach nó i ngar dó.' 4. Úsáidfear an breiseán in ábhar plandaí úr atá éasca a shadhlasú, agus ansin amháin ⁽³⁾.	An 19 Samhain 2035
			Éanlaith chlóis	—	—	10 000 ⁽²⁾		
			Gach speiceas ain- mhíoch seachas muca, éanlaith chlóis agus speicis ainmhi- the uisceacha	—	—	—		

Uimhir aitheantais an bhreiseáin beathaithe	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ain- mhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: breiseáin theicneolaíocha. Feidhmghrúpa: breiseáin sadhlais								
							5. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachta beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú le nósanna imeachta agus bearta den chineál sin, is le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann, do na súile agus don análú a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin.	

(¹) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ar shuíomh na Saotharlainne Tagartha ag an seoladh seo a leanas: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga.

(²) Mar aigéad próipianach.

(³) Foráiste atá éasca a shadhlasú: cion > 3 % carbaihiodráití intuaslagtha ina ábhar úr; foráiste atá measartha deacair a shadhlasú: cion 1,5-3,0 % carbaihiodráití intuaslagtha san ábhar úr i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 429/2008 ón gCoimisiún an 25 Aibreán 2008 maidir le rialacha mionsonraithe chun Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann le hiarratais a ullmhú agus leis an méid atá le cur i láthair sna hiarratais agus a mhéid a bhaineann le measúnú a dhéanamh ar bhreiseáin bheathaithe agus na breiseáin sin a údarú (IO L 133, 22.5.2008, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2008/429/2021-03-27>).